## Tionscadail Foclóireachta Fhoras na Gaeilge – Painéal Eagarthóireachta

## Fógra – Bealtaine 2021

Is mian le Foras na Gaeilge painéal a chur ar bun chun seirbhísí eagarthóireachta agus aistriúcháin ag leibhéal sinsearach san fhoclóireacht a sholáthar. Pacáistí oibre ar conradh a bheidh i gceist, a mbeidh tréimhsí gearra ag gabháil leo; is obair ar bhonn páirtaimseartha a bheidh i gceist sna pacáistí oibre.

Is féidir le comhlacht, institiúid nó le duine aonair iarratas a chur isteach. Más comhlacht nó institiúid atá i gceist, ní mór dóibh duine ar leith a ainmniú ar an bhfoirm iarratais agus is iad cáilíochtaí an iarrthóra ainmnithe sin amháin atá le clárú ar an bhfoirm. Má tá comhlacht ag iarraidh níos mó ná duine amháin a chur isteach le haghaidh an phainéil, ní mór foirm iarratais ar leith a líonadh do gach duine aonair.

Ní féidir a dhearbhú go ndáilfear pacáistí oibre ar gach duine a bhainfidh áit amach ar an bpainéal.

Is ó mhí Bealtaine 2021 go dtí mí Aibreáin 2024 an tréimhse atá ag gabháil leis an bpainéal.

**I measc na bpríomhthascanna a bheidh i gceist tá:**

1. Iontrálacha san Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge a chur in eagar;
2. Iontrálacha nua a dhréachtú agus a chur i dtoll a chéile de réir threoir stíle an fhoclóra;
3. Measúnú agus rialú cáilíochta a dhéanamh ar obair eagarthóirí eile;
4. Léamh profaí agus seiceálacha ríomhscagtha a dhéanamh ar ábhar foclóireachta;
5. Tascanna eile eagarthóireachta agus aistriúcháin.

**Is iad seo a leanas na critéir riachtanacha is gá do na hiarrthóirí a chomhlíonadh:**

1. Ardlíofacht sa Ghaeilge;
2. Ardchruinneas scríofa agus ardtuiscint ar ghramadach na Gaeilge;
3. Saineolas ar cheann amháin nó níos mó de mhórchanúintí na Gaeilge;
4. Ardtuiscint ar réimeanna cainte/scríofa na Gaeilge;
5. Cúig bliana ar a laghad de thaithí, ar a n-áirítear monatóireacht agus eagarthóireacht a dhéanamh ar obair eagarthóirí agus aistritheoirí eile, i réimse na foclóireachta;
6. Ardinniúlacht cothrom le dáta in úsáid an fheidhmchláir scríofa foclóra Entry Editor;
7. Ardscileanna ríomhaireachta, ar a n-áirítear saineolas ar phacáistí Word agus Excel.

**Critéir inmhianaithe a d'fhéadfadh iarrthóirí a chomhlíonadh:**

1. Cáilíocht tríú leibhéil nó a hiontamhail sa Ghaeilge;
2. Gaeilge ó dhúchas.

**Na Táillí agus na Socruithe Oibre**

Is ar bhonn pacáistí oibre a íocfar baill an phainéil, agus beidh an íocaíocht in aghaidh an phacáiste bunaithe ar an ráta cuí in aghaidh cion uaire socraithe d'obair. Ráta €30 - €45 in aghaidh na huaire (nó £26.10 - £39.15 steirling) (móide CBL más cuí) an ráta a bheidh ag gabháil leis na tascanna. Beidh an ráta ar an scála seo ag brath ar chastacht agus ar dheacracht na dtascanna aonair; aontófar an ráta cuí nuair a bheidh baisceanna á sannadh d'eagarthóirí.

Den chuid is mó, is féidir an obair a chur i gcrích ó chian, ach d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar bhaill an phainéil na tascanna oibre a chur i gcrích in oifigí Fhoras na Gaeilge in amanna, nó teacht go dtí oifigí Fhoras na Gaeilge i gcomhair cruinnithe nó ceardlann. Ní iarrfar ar dhuine ar bith taisteal go dtí oifigí Fhoras na Gaeilge más sárú é sin ar chomhairle sláinte phoiblí.

**Measúnú ar na hIarratais agus Dáileadh na hOibre**

Déanfar na hiarratais a mheas ar bhonn na gcáilíochtaí agus na taithí a léirítear san fhoirm iarratais. Sa chás go mbeidh líon mór daoine incháilithe, déanfar na pacáistí oibre a dháileadh bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- An cineál taisc atá i gceist agus an tsaintaithí ábhartha atá ag an mball den phainéal sa réimse sin;
- An spriocdháta atá ag gabháil leis an tasc, agus an méid ama atá ar fáil ag an duine don obair foclóireachta.

**Measúnú ar na Pacáistí Oibre**

Déanfar athbhreithniú agus measúnú ar na pacáistí oibre tosaigh a dháilfear ar na baill aonair den phainéal, agus tabharfar aiseolas dóibh ina leith. Nuair a bheidh an caighdeán cuí deimhnithe san obair, beifear in ann tuilleadh pacáistí oibre a dháileadh ar an duine de réir mar is gá faoi chúinsí na dtionscadal.

**An Fhoirm Iarratais**

Más spéis leat bheith ar an bpainéal seo, ní mór duit iarratas a sheoladh chugainn. Tá an fhoirm iarratais ar fáil ar www.focloir.ie agus ar www.teanglann.ie.

Is le hiarratais leictreonacha **i bhfoirm Word (.docx/.doc) amháin** a ghlacfar; ní gá iad a shíniú (glacfar leis mar shíniú nuair a chuireann tú d'ainm agus an dáta sa bhosca "Deimhniú").

Is gá iarratais a sheoladh chuig focloir@forasnagaeilge.ie, agus "Painéal Eagarthóireachta 2021" mar ábhar. Beidh sé de dhiscréid ag Foras na Gaeilge iarrthóirí a chur faoi scrúdú agus/nó faoi agallamh.

Ní mór do na foirmeacha comhlánaithe a bheith istigh faoi **5.00 p.m. Dé Luain, 31 Bealtaine 2021**.

*Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise agus fáiltímid roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu, beag beann ar chreideamh, ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitíochta, ar aois, ar stádas pósta, ar chlaonadh gnéis nó cé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe acu. Is ar bhonn fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas.*

*Proficiency in the Irish language, both written and oral, is an essential requirement for the above panel.*